



Bí bródúil as do theanga

An Fhuinneog Ghaelach

Cumann Gaeilge na hAstráile

Samhradh 2012

1-12-2012

Dia Daoibh a Chairde.....

Dia daoibh a chairde! Fáilte mhór roimh na daoine nua!

Ar dtús focail molta do gach duine as an lá iontach a bhí againn ag Féile na nGael ag an larsmalann Inimisce ar an 18ú Samhna. Beidh sé beo fada inár gcuimhne. Is trua nach dtarlaíonn sé gach bliain!

Bhain Uinseann geit mhór asainn ach tá an t-ádh orainn go bhfuil sé inár measc fós!

Bhí an cór ar fheabhas (féach ar Facebook, tá An Poc ar Buile ar iarraidh, má tá fíis gafa ag éinne, uaslódáil é le do thoill!). Buíochas do na daoine a bhí ag freastal ar an stalla...íobairt nach beag a dhein sibh...mar ní raibh sibh in ann eachtraí eile a fheiceáil...táimid an buíochas díobh. Do Mhossie agus do

Phroinsias, ceapaim gur thugamar cúnamh láidir don choiste ag an larsmalann agus chuir siad a mbuíochas in iúl dúinn freisin.

Má tá aon smaointe agaibh faoi rudaí ab fhéidir linn a dhéanamh níos fearr arís – cuir in iúl dúinn!

Ar thug sibh faoi deara na comharthaí faoi threoracha? Bhí siad go léir in dhá theanga – nach dochreidte é sin, anseo i Melbourne?!!

Rud a chur díomá orm – ní raibh aon urlabhraí ann le haghaidh na Daonscoile, fiú amháin ní raibh fógra! Ach ar an lámh eile, fuaireamar a lán ainmneacha agus se-



oltaí ó dhaoine a raibh suim acu sa Ghaeilge. Go raibh maith agat a Eimear as bheith i dteagmháil leo chomh luath sin nuair a bhí an síol fiosracht beo fós ina n-intinn,

(ar lean leathanach 6)

San Eagrán Seo..

<i>Dia Daoibh a Chairde.....</i>	1
<i>Féile na nGael ag an larsmalann</i>	2
<i>An Ré Eolais agus an Vicipéid Ghaeilge</i>	3
<i>An Bealach go Santiago</i>	4-5
<i>Fógraí áitiúla</i>	6
<i>Léirmheasanna na leabhar nua le Val Noone</i>	7
<i>Special liftout-Membership form for 2013</i>	

Key Dates for Dec, Jan, Feb 2012-2013

6th Dec	Committee meeting
11th Dec	Last class of term 4
18th Dec	Year end party in Celtic Club
6th – 13th Jan	Daonscoil
15th Jan	Term break
22nd Jan	Term break
29th Jan	First class of term 1 (no teacher meeting)

Information given here about term dates is for students in Victoria only and Interstate students should check with their local teacher.

www.gaeilgesanastrail.com

Irish Language classes each Tuesday during school terms 7:30 pm in the Celtic Club Melbourne

Féile na nGael ag an Iarsmalann

Hello friends and welcome to all our new people. Give yourselves a pat on the back for the wonderful day we had at the museum. It'll be long remembered and it's a pity it doesn't come around every year ! Vincent startled us but luckily he is still among us.

The choir was excellent (check on facebook, Poc ar Buile is missing so if anyone has the video clip please upload it)

Thanks to the people who were attending the stall. You made a sacrifice because you were not able to see other events so we are grateful. Also to Mossie and Francis.

I think our committee worked well with Museum organisers and they told us so.

If you have any ideas about anything we could do even better - please let us know. Did you notice the direction signs? They were all in two languages - isn't that incredible, here in Melbourne.

What disappointed me - no spokesperson for Daonscoil, even no advertisements! But on the other hand, we got a lot of names and addresses of people interested in the language. Thanks Eimear, they can be contacted while their curiosity is still fresh.



Here are some pictures from the event.....

Clockwise from above

The Cumann Choir singing for their supper and our hard-working volunteers who manned (and womanned) our information stall.





An Ré Eolais agus an Vicipéid Ghaeilge

Is é an rud a chuireann isteach orm uaireanta ná nach bhfuil deiseanna chun mo chuid Ghaeilge a fheabhsú (nó a chléachtú, fiú) anseo in Melbourne taobh amuigh de na ranganna seachtainiúla sa Chlub Ceilteach. Áfach, tá an t-ádh dearg orainn i gcomparáid leis an scéal deich nó cúig bhliana ó shin fiú, buíochas leis na réimse leathan áiseanna teicneolaíochta atá ar fáil sa lá atá inniu ann, mar shampla, Vicipéid.

Dar le Liam Upton (ó 'beo.ie'):

"An rud is áille faoi Vicipéid ná gur féidir le haon duine í a chur in eagar. Ciallaíonn sé sin gur féidir le duine a bhfuil eolas ar bith aige faoi ábhar, cé acu saoi nó amadán é, é sin a chur ar an suíomh chun go mbeidh sé ar fáil do gach duine." (Liam Upton, Meán Fómhair, 2005)

Ar an 25ú lá Mí na Samhna i mbliana, bhí 16,443 alt ar an Vicipéid. Nuair a chuireann tú an méid sin i gcomparáid leis na 4 milliún alt ar an Vicipéid i mBéarla, is léir go bhfuil a lán oibre le déanamh! Tá cúpla Astrálach agus Gaeil-Astrálaigh ina n-eagarthóirí ann cheana; mé féin ó am go ham agus an Ghaeilgeoir sár-líofa sin, an Rianach féin (Colin Ryan). Chas mé le heagarthóirí eile atá ina gcónaí san Astráil, ach b'fhearr leo logainmneacha rúnda a bheith acu i láthair na huaire!

Ar na mallaibh, tá mé ag crúthú ailt faoi leabhair Ghaeilge, faoi stair na Breataine Bige, agus abháir Astrálacha (bailte agus catharacha, an chuid is mó), agus bhí Cólín ag scríobh sraith alt faoi theangacha Búndúchasacha, agus faoi Shír Moorabool anseo i Victoria, áit a bhfuil Loch Dewar suite. Má thagann tú go dtí an Daonscoil an chéad uair eile, déarfainn go mbeidh miontreoir Gaeilge an cheantar áitiúla ar fáil duit! Inár dteannta, tá baill eile ann a bhfuil roinnt clú agus cáil orthu, Panu Patteri Höglund (údar i nGaeilge ón Fhionnlainn agus sár-shaineolaí) san áireamh.

Mar teanga nua-aimseartha beo bríomhar, caithfidh an Ghaeilge a glór a aimsiú ar líne, agus caithfidh Gaeilgeoirí ar fud an domhain a bpáirt a ghlacadh chun an teanga a chur chun cinn.

Má tá do mhisneach in easnamh agat, ná bí buartha, toisc go bhfuil sé an-thábhachtach míreanna simplí a chrúthú – i ndáiríre! Is féidir baill níos críonna fianaise breise a chlóschríobh níos déanaí!

Is pobal beag deas iad na Vicipéideoirí, a bhfuil sona sásta cabhair a thabhairt do bhaill úra.

Bí linn!

An suíomh: <http://ga.wikipedia.org/wiki/Príomhleathanach>

- Rob Lindsey

Something that frustrates me sometimes is the lack of opportunities to improve (or even practice) my Irish here in Melbourne, outside the weekly classes at the Celtic Club. However, we're quite lucky in comparison to the way things were ten or even five years ago, thanks to the wide range of technological aids at our disposal these days.

According to Liam Upton (from beo.ie):

"The most beautiful thing about Wikipedia is that anyone can edit it. That means that someone who has any information about a subject, whether they happen to be an expert or an idiot, can put it on the site so that it will be available for everybody." (Liam Upton, September 2005)

As of November 25 this year, there were 16,443 articles on the Irish Wikipedia. When you compare that with the 4 million articles on the English Wikipedia, it's clear that there is a lot of work to be done! There are already a couple of Australians and Irish-Australians working as editors on the site; that truly fluent Gaeilgeoir, Colin Ryan himself, as well as myself from time to time. I have met other editors who live here in Australia, but they prefer to keep their online identities secret for now!

Recently, I have been creating articles about Irish language books, Welsh history, and Australian subjects (towns and cities mainly), and Colin is writing a series of articles about Indigenous languages, and about the Shire of Moorabool here in Victoria, where Lake Dewar is located. If you go to the next Daonscoil, I'd say that there'll be a detailed guide of the local area available to you, in Irish! Along with ourselves, there are also some fairly well-known members active on the site, including Panu Patteri Höglund, a published Irish-language author and language expert from Finland.

As a modern, living and vibrant language, Irish must find its voice on-line, and Irish speakers from around the world have to do their bit to promote the language.

If you're lacking a bit of confidence, don't worry, because it is really important that very small, simple articles are created – seriously! The more experienced/fluent members can just add more information to your new article later on!

The Irish Wikipedians are a small but friendly community, who are quite happy to give help to new members.

Join us!

The website: <http://ga.wikipedia.org/wiki/Príomhleathanach>

- Rob Lindsey

An Bealach go Santiago

Le breis is míle bliain tá na sluaite oilithreach ó gach cearn den Eoraip ag déanamh a mbealach go Cathair San Séamus (Santiago) in Galicia i dtuaisceart na Spáinne. Sa saol atá inniu ann bíonn daoine ó gach tír sa domhan ar an oilithreach stairiúil seo ag triall ar thuama San Séamus. Bhí Séamus ar dhuine de dhlúthchairde Íosa. Is ón bhFrainc a tháinig tromlach na n-oilithreach ar dtús agus is mar gheall ar sin a baisteadh an Bealach Francach – an *Camino Francés* – ar an gcosán a lean siad. Anois, ar ndóigh, tá níos mó ná bealach amháin go dtí Santiago de Compostela. Bhí trí mhór-ionad oilithreachta ann sna Meánaoiseanna – an Róimh, Jerusalem agus Santiago de Compostela.

Nuair a luaigh m'fhear chéile go raibh suim aige dul ar an turas seo bhí drogall mór ormsa ar dtús tabhairt faoin siúl. Ach tar éis taighde a dhéanamh agus roinnt leabhar faoin *Camino* a léamh bhí mé ar bior chun rian choiscéimeanna na meánaoiseanna a leanúint – nó cuid de ar aon nós. Shocraíomar ar an siúl a thosú i Ponferrada, sin 220 ciliméadar ó Santiago, ar an 26 Meán Fómhair.

Lá scamallach a bhí ann agus i dtosach báire leanamar beirt Fhrancach a cheapamar a raibh eolas an tslí acu. Mo lean! shiúlamar timpeall i giorcal – an dall ag giollacht an daill – agus am curtha amú againn. As sin amach choimeádamar súil amach do chomharthaí an bhealaigh - sliogán an mhuirín nó saighead bhuí. Tá an bealach marcáilte go measartha maith agus ní dheachamar ar strae as sin amach. Chaitheamar timpeall sé nó seacht n-uaire ag siúl gach lá agus tar éis cúig lá ag siúl thógamar sos ar feadh lá amháin. Ansin leanamar ar aghaidh ar feadh cúig lá eile. Bhí an tírdhreach ilghnéitheach go hálainn, agus bhaineamar taitneamh as bheith ag siúl trí na fíonghoirt, na coillte, na páirceanna beaga glasa, na sráidbhailte beaga agus fiú na haird rite. Bhí tuirse orainn ag deireadh gach lá ach tar éis sos beag a thógáil bhíomar réidh chun pé baile ina rabhamar a thaiscéaladh. Spuaiceanna ar chosa nó athlasadh ar theannáin is mó a

ghoileann ar oilithrigh. Bhí an t-ádh linn gur tháingamar saor óna leithéid. Chasamar ar a lán daoine suimiúla, idir óg agus aosta, agus mar a deirtear, tá milliún scéal le clos ar an *camino*.

Bíonn pas oilithreachta ag gach siúlóir agus cuireadh stampa (*sello*) air i ngach áit ar stopamar, mar shampla, caife, eaglais bheag nó óstán. Ansin nuair a shroicheamar Santiago chua-mar go dtí Oifig na nOilithreach chun *Compostela* a fháil – sin teastas Laidine a dhearbhaíonn go bhfuil an oilithreacht comhlíonta. Bhí bród orainn nuair a bhronnadh an *Compostela* orainn. Istigh san Ardeaglais tá dealbh San Séamus os cionn na príomhaltóra agus de réir traidisiúin a théann siar thar na cianta beireann an t-oilithreach barróg ar dhealbhan na naoimh. Mar sin suas na céimeanna linn chun an deasghnáth sin a chomhlíonadh. An rud deireanach le déanamh ná dul síos chun íoslach na hardeaglaise chun cuairt a thabhairt ar uaigh San Séamus.

Tá sé deacair dom cur síos ar na mothúcháin a bhraitheas i rith an tsiúil seo ach bhí an lúcháir in airde agus buíochas do Dhia as ucht áilleacht an dúlra agus cineáltas daoine agus ní hamháin sa turas seo ach in aistear mo bheatha chomh maith.

Siún.





Clockwise from above


St James later appeared as a vision at the head of a Medieval army that defeated the Moors in Spain

Santiago Compostela

A Pilgrim's progress

The various routes which lead to Santiago

Signpost for pilgrims



Cad atá ar siúl faoi láthair ?

Rudaí Sóisialta:

Buíochas mór do Elizabeth (Ní Chéilleachair) agus Frank/Proinsias faoi eachtraí sóisialta a d'eagraigh siad. Mar shampla, oíche sa "Drunken Poet" agus picnic álainn ar bhrúach an locha in Albert Park, in aice le mo chairde na healaí!

An Nuacht Sheachtainiúil:

Níl a lán daoine ag teacht chun cinn leis an nuacht sheachtainiúil a insint agus fógraí nua a labhairt as Gaeilge. Ba cheart do dhaoine ó gach rang é seo a dhéanamh gach seachtain le cabhair óna múinteoir.

Comórtas na T-léine:

Rinne mé trácht le déanaí faoi chomórtas na T-léine. An dearadh is fearr, de bharr gnéithe mar dhathanna, stíl, gile, an tslí chliste ina mbaintear úsáid as seanfhocail, nathanna cainte – aon rud a bhfuil tarraingteach agus a chuirfidh sinn faoi bhráid an phobail – an té a bhuafaidh – gheobhaidh sé/sí cúpla ceann saor in aisce dá thoradh!

Tá oraibh foinsí a lorg freisin agus luach ar do chuid airgid a fháil - ach níl sé sin le rá go bhfuil an dearadh is saoire á lorg againn. Ba mhaith linn táirge ardchaighdeán a mbeimid bródúil as iad a chaitheamh agus a gcuirfeadh éad ar ár gcairde agus a spreagfadh ceisteanna ón ghnáth duine ar an tsráid. Is féidir linn iad a chaitheamh ar ócáid phoiblí freisin. Ba dheas dá mbeadh siad ullamh le haghaidh na Daonscoile!

Is féidir dearáí ar chaipíní agus ar mhálaí a chruthú freisin – b'fhéidir T-léine le muincillí le haghaidh an Gheimhridh agus gan muincillí agus níos giorra i rith an tSamhraidh. Sheol do chuid dearáí do celticclub-vic@gmail.com

An Daonscoil:

Tá súil agam go méadófar an suim ins an Daonscoil tar éis Féile na nGael ag an larsmalann.

B'fhéidir go bhfuil sé ag éirí ró-dhaor. Tá orainn fillleadh arís go dtí spioraid an chéad Daonscoil, lenar malaí codailte ag fanacht i Stáisiún Caoirigh lenar swag agus ag ullmhú an béile dúinn féin! Ba chóir an costas a sholáthair do na múinteoirí, fiú amháin má thagann siad ónar measc!

3ZZZ:

Níl a lán Gaeilge le cloisteáil ann. Tá deis againn é sin a athrú. Ba mhaith liom go n-ullmhóidh na ranganna clár éigin mar cleachtadh. Is féidir Béarla a úsáid anseo is ansiúd. Caithfidh an dream óg agus an slua mór de na hinimircigh atá ag teacht anseo go tiubh anois a mhealladh.

An cór:

Beimid ag canadh agus ag foghlaim lomainn Nollaig agus Carúil go dtí deireadh an téarma seo. Beidh ceolchoirm ar siúl ag an lá deireanach leis na hAlbanaigh agus muintir na Breataine Bige. (18/12/2012)

Facebook:

Ná déan dearmad ar cuairt a thabhairt orainn ar Facebook – tá an grúpa sin ag méadú agus ag neartú go laethúil. Tá ceangal díreach ann ar shuíomh an Chumainn go dtí ár leathanach ar Facebook.

Beannachtaí na Nollag oraibh go léir agus athbhliain faoi mhaise daoibh!

- Greg

Among our recently elected committee we now have three teachers and so we have decided that separate teacher meetings will no longer be needed each term.

This means our first class for term one next year starts on Tuesday 29th January. You can see a complete list of term dates for the year on our website. Handy for planning your holidays !

Inside this issue is a membership form for 2013, the fee is \$40 and is payable now.

Some people still have not renewed for 2012 and will end up having a gap in their membership history. Don't let this happen to you. Check to see if you have a 2012 membership card and if not talk to our friendly treasurer right away !

Daonscoil places are still available !

Spend an entire week learning or improving your Irish, everything is included and absolutely no extra costs to pay.....

Download a brochure and application form from our website

www.gaeilgesanstrail.com

Léirmheasanna an leabhair nua le Val Noone

An chéad chuntas riamh — Colin Ryan

Láinseáil an leabhair is déanaí ó lámh Val Noone, Comhalta Onórach sa Roinn Staire, Ollscoil Melbourne, agus scoláire a bhfuil taighde fada déanta aige ar an nGaeilge in oirdheisceart na hAstráile - i Stát Victoria sa chás seo. Is é *Hidden Ireland in Victoria* toradh an taighde sin agus é curtha amach go snasta slachtmhar ag Ballarat Heritage Services. ...

An leabhar, mar sin: an chéad chuntas riamh ar stair na teanga in Victoria agus léargas beag tugtha freisin ar an nGàidhlig. É déanta as míle bliúire eolais, iad scagtha, scrúdaithe agus fite fuaite ina chéile go briomhar soléite. Níorbh fhéidir a bheith taobh le téacsanna amháin – tá siad ann ach tá siad gann. Is léir ón leabhar go raibh idir leanúnachas agus bhriseadh slabhra ann - na mílte cainteoir ann sa 19ú haois (tháinig a bhformhór i seascaidí na haoise sin), athbheochan bheag in Melbourne timpeall na bliana 1900 a raibh idir chainteoirí dúchais agus Ghaeilgeoirí páirteach inti, ranganna ar siúl go fóill sna fichidí, suim ag roinnt bheag daoine sa teanga go fóill sna daichidí, sna caogaidí. Ach na daoine a thosaigh ag foghlaim, ag athfhoghlaim nó ag múineadh Gaeilge sna hochtóidí in Melbourne (an dara hAthbheochan, mar a déarfá) ar éigean a bhí eolas acu ar ar tháinig rompu.

- *An Lúibín*, 10 Meitheamh 2012, Uimhir 169

Caoga faoin gcéad - Bearnaí Ó Doibhlin

Léiríonn leabhar Noone go raibh Gaeilge ag tuairim is caoga faoin gcéad de na hÉireannaigh a chuir fúthu in Victoria i luathstair na coilíneachta, ach is annamh a bhí léamh nó scríobh acu. Maíonn sé go raibh an cultúr Gaelach beo beathach i measc na luathchoilíneach seo, ach níor tháinig sé ar aon alt, iris nó ar leabhar Gaeilge a foilsíodh i luathbhlianta an stáit ina thaighde. Creideann sé go raibh an teanga dofheicthe dá bharr. Baineann Noone feidhm as an meafar, “snámhraic agus muirchur”, le cur síos ar an bhfianaise faoi úsáid na teanga a fuair sé le linn a thaighde.

I measc na raice seo fuair sé focail, amhráin, scéalta, dánta, paidreacha, comhráite, logainmneacha agus eile as Gaeilge. Léiríonn na míreanna raice a scagann sé an dóigh ar lean dreamanna áirithe in áiteanna éagsúla an stáit ag labhairt na teanga agus an meas a bhí acu ar an chultúr Ghaelach agus ar an teanga go sonrach. ...

Tá trí chuid sa leabhar *Hidden Ireland in Victoria* agus ní bhaineann ach an chéad chuid le luathbhlianta an stáit. Déanann Noone cur síos sna codanna eile ar an bhaint a bhí ag Astráiligh le gluaiseacht na hathbheochana, agus leis an mbaint leanúnach atá acu faoi láthair leis an teanga. Tá lucht na Gaeilge san Astráil go mór faoi chomaoín ag Noone as a shaothar éachtach a thugann léargas dúinn ar chuid dár stair a bhí dofheicthe le fada.

- *Beo*, eagrán 137, Meán Fómhair 2012


A treasure trove – Professor Elizabeth Malcolm

Val Noone begins the book by saying that he sees himself wandering along a seashore retrieving flotsam and jetsam from the shipwreck of Irish-language culture on the shores of Victoria. This image is apt I believe in some ways, yet I don't imagine Val as a laidback beachcomber, wandering along the shoreline rather aimlessly – oh, I see the shorts, the sandals, the straw hat, the suntan, and definitely the willingness to spend time chatting to anyone and everyone he meets. But I don't think most beachcombers would whip out a notebook and take detailed notes on people and places they encounter or whip out a camera to record the scene; then go home – of course debating with Mary - and enter the information gathered into a huge computer database. When I picture Val on a beach, the image that comes to my mind is more that of a large bloodhound sniffing the sand on the trail of his quarry.

Thus what this book contains is not random bits and pieces of wreckage, but a treasure trove of knowledge and information about a previously largely hidden culture, now no longer hidden. - Celtic Club, 3 June 2012

Published 2012 by Ballarat Heritage Services. Normal retail price \$55 but special price of \$50 for Cumann members.

Contact Val in person at our Tuesday classes or email macmic@netspace.net.au



*Cumann Gaeilge na hAstráile Teo**IRISH LANGUAGE ASSOCIATION OF AUSTRALIA INC.*

Cumann Gaeilge na hAstráile, the Irish Language Association of Australia is a non-profit organisation run entirely by volunteer tutors and a voluntary committee of management. Its aim is to promote the Gaelic language as a second language within the Australian community, and to form networks with other cultural, heritage and Gaelic-speaking groups. Formally established back in 1992, the ILAA offers structured weekly language classes to students of all ages, nationalities, and walks of life, across a range of levels — absolute beginners, basic, intermediate, advanced — as well as the opportunity to practice and converse together in a supportive environment.

Members receive a quarterly newsletter; access to the library; and also enjoy weekly singing and informal conversation sessions; as well as participation in social events and residential language schools.

Irish Language Association of Australia Inc., 320 Queen Street, Melbourne VIC, 3000.

**Annual Membership Application or notification of change
of address, telephone number, mobile, email.**

☐ New Membership ☐ Renewal ☐ Update

Sloinne
(surname)

Céad ainm
(first name)

Seoladh
(address)

.....

Guthán bh)
(phone)

ah)

Fón
(mobile)

Ríomhphost
(email)

Membership fee is \$40 per annum and due each January. Class fee is \$4 per week.